
**Bord Oideachais
agus Oiliúna
Dhún na nGall**
Plean Seirbhíse

2026

Arna ghlacadh ag ETB Dhún na nGall
ar an 23 Feabhra 2026



etb

Bord Oideachais agus
Oiliúna Dhún na nGall
*Donegal Education and
Training Board*

#IsMuidETBDhúnnanGall

Clár Ábhar

1. Teachtaireacht ó Chathaoirleach ETB Dhún na nGall	2
2. Réamhrá ón Phríomhfheidhmeannach	3
3. Próifil / Cúlra ETB Dhún na nGall	4
4. Léarscáil Gheografach d'ETB Dhún na nGall	7
5. Ráiteas Straitéise ETB Dhún na nGall 2022-2026	8
6. Forbairtí Reatha a bhfuil tionchar acu ar Phlean Seirbhíse 2026	9
7. Sreabhadh Oibre maidir le Timthriall Pleanála	12
8. Ráiteas Seirbhísí 2026	13-47
9. Forbhreathnú ar Sheirbhísí 2026	48
10. Fáltais agus Íocaíochtaí Réamh-mheasta 2026	50
11. Aguisín 1 Soláthar Seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna	56

1. Teachtaireacht ó Chathaoirleach ETB Dhún na nGall - Clr Terry Crossan.

Mar Chathaoirleach ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall, tá lúcháir orm ár bPlean Seirbhíse do 2026 a chur i láthair. Leagtar amach sa Phlean Seirbhíse seo príomhthosaíochtaí agus príomhchuspóirí ETB Dhún na nGall mar a shonraítear sa Ráiteas Straitéise 2022 – 2026. Leagtar amach ann fosta ár dtiomantas do sheirbhísí oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán a chur ar fáil ar fud Chontae Dhún na nGall agus léiríonn sé ár bhfreagrachtaí reachtúla faoi Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013.

De réir mar a ghabhann muid ar aghaidh trí 2026, leanfaidh ETB Dhún na nGall de bheith ag tabhairt tosaíocht do shármhaitheas sa teagasc agus san fhoghlaim ar fud na heagraíochta ar fad. Tá muid daingean inár misean chun tacaíocht a thabhairt do gach foghlaimeoir agus tógáil ar ár mbunús láidir agus muid ag glacadh le deiseanna nua chun freastal ar mhuintir Dhún na nGall.

Mar Chathaoirleach, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do dhíograis agus do ghairmiúlacht ár gcomhaltaí Boird, ár bhfoireann thiomanta agus ár bpáirtithe leasmhara a bhfuil a gcuid ionchuir ríthábhachtach chun ár gcuspóirí straitéiseacha a bhaint amach go rathúil. Cinntíonn a dtiomantas go leanfaidh ETB Dhún na nGall de bheith ag imirt ról ríthábhachtach i dtacaíocht a thabhairt do phobail ar fud an chontae.

An Clr Terry Crossan
Cathaoirleach ETB Dhún na nGall

2. Réamhrá ón Phríomhfheidhmeannach

Mar Phríomhfheidhmeannach ar Bhord Oideachais agus Oiliúna (ETB) Dhún na nGall, tá lúcháir orm ár bPlean Seirbhíse don bhliain 2026 a chur i láthair. Leagtar amach sa doiciméad seo ár dtosaíochtaí straitéiseacha agus ár ngealltanais oibríochtúla chun seachadadh seirbhísí oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán a chinntiú ar fud Chontae Dhún na nGall. Forbraíodh an plean seo de réir fhorálacha Alt 47 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013.

Tá ETB Dhún na nGall lárnach i dtólamh i gcruthú deiseanna foghlama bríocha agus tá sé tiomanta do na scileanna agus an t-eolas atá de dhíth ar fhoghlaimeoirí de gach aois a neartú. Déanaimid ár ndícheall daoine aonair agus pobail a chumhachtú trí fhoghlaim ar feadh an tsaoil a chur chun cinn agus trí chosáin shoiléire isteach i bhfostaíocht, i mbreisoideachas agus in ardoideachas a chur ar fáil, chomh maith le fás agus forbairt phearsanta.

Léiríonn an Plean Seirbhíse seo ár dtiomantas don tsármhaitheas agus ár gcumas oiriúnú go gasta do thosaíochtaí áitiúla agus náisiúnta araon. Coinneoimid comhpháirtíochtaí láidre le príomh-pháirtithe leasmhara - lena n-áirítear comhlachtaí rialtais, comhpháirtithe tionscail, pobail áitiúla, agus ár bhfoireann dhíograiseach - chun a chinntiú go leanann ár seirbhísí de bheith ag freastal ar na héilimh oideachais agus gheilleagracha atá ag athrú.

Le fócas soiléir ar nuálaíocht agus ar fheabhsú leanúnach, tá ETB Dhún na nGall go fóill tiomanta go hiomlán don oideachas agus don oiliúint den chaighdeán is airde a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí ar fud ár réigiúin.

Ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil lenár bhfoghlaimeoirí, lenár bhfoireann, le comhaltaí an Bhoird, agus le comhpháirtithe as a ndúthracht agus a dtacaíocht leanúnach. Is mar gheall ar do thiomantas agus do dhianobair go bhfuil muid in ann ár bhfís chomhroinnte don oideachas agus don oiliúint laistigh de Dhún na nGall a chur chun cinn.

Tá muid ag súil le muinín le bliain eile de dhul chun cinn, de chomhpháirtíochta agus de ghnóthachtála.

Anne Mc Hugh
Príomhfheidhmeannach

3. Próifíl / Cúlra ETB Dhún na nGall

Ar an 1 Iúil 2013, rinneadh eintiteas úr de Choiste Gairmoideachais Chontae Dhún na nGall (VEC) ar a dtugtar Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall – ETB Dhún na nGall. Aistríodh an soláthar oiliúna a bhíodh ag FÁS agus a chuid feidhmeanna uilig chuig ETB Dhún na nGall níos moille an bhliain dár gcionn.

Is é ETB Dhún na nGall an comhlacht reachtúil sa chontae a bhfuil freagrachtaí air as oideachas agus oiliúint a sholáthar i scoileanna dara leibhéal, breisoideachas agus oiliúint, oideachas agus oiliúint allamuigh, teagasc seanma ceoil agus seirbhísí óige.

De réir an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013 bunóidh agus cothóidh ETB Dhún na nGall scoileanna agus ionaid oideachais agus déanfaidh sé pleanáil, soláthar, comhordú agus athbhreithniú maidir le soláthar oideachais agus oiliúna laistigh dá cheantar seirbhíse. Ina theannta sin éileofar air (faoi stiúir ón Aire Oideachais agus Óige) seirbhísí tacaíochta a chur ar fáil do sholáthraithe eile oideachais agus oiliúna. I measc na dtacaíochtaí a d'fhéadfadh sé a chur ar fáil tá: tionscadail chaipitil agus talamh, acmhainní daonna, seirbhísí airgeadais, seirbhísí dlí, TFC agus rialachas corparáideach.

Maidir le soláthar seirbhísí agus tacaíochtaí, éilítear leis an Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, ar ETB Dhún na nGall Ráiteas Straitéise cúig bliana (tosaíochtaí, cuspóirí agus straitéisí) a ullmhú, a ghlacadh agus a fhoilsiú. Tá ceangal reachtúil ar ETB Dhún na nGall Plean Seirbhíse bliantúil (seirbhísí atá beartaithe, le hioncam agus caiteachas measta) agus Tuarascáil Bhliantúil (le tuairisc a thabhairt ar fheidhmíocht a chuid feidhmeanna) a ghlacadh agus a fhoilsiú.

Ina theannta sin tá ETB Dhún na nGall freagrach go príomha do SOLAS as réimse Seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna (FET) a sholáthar. Éilítear ar ETB Dhún na nGall Comhaontú Seirbhíse bliantúil (CS) a shíniú le SOLAS, ina leagtar amach na spriocanna oiliúna agus gealltanais.

Tá ceannáras riaracháin ETB Dhún na nGall i Leitir Ceanainn, agus is fostóir suntasach é sa chontae le 1,572 ball foirne san iomlán.

Tá an Príomhfheidhmeannach (PF) freagrach as bainistíocht feidhmiúcháin an ETB agus tá freagracht fhoriomlán uirthi as feidhmíocht na scoileanna, na gcoláistí agus na n-ionad de chuid an ETB. Tá freagrachtaí sannta do thriúr stiúrthóirí faoi na trí réimse seo a leanas:

- a. Scoileanna
- b. Breisoideachas agus Oiliúint (FET)
- c. Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta (TFE)

(a). Scoileanna

Tá 15 scoil ar fud an chontae faoi Phátrúnacht ETB Dhún na nGall faoin stiúrtóireacht seo. Oibríonn Stiúrtóir na Scoileanna i gcomhar leis na Príomhoidí agus na Leas-Phríomhoidí chun na 15 scoil a bhainistiú. Pléann Stiúrtóir na Scoileanna leis na príomhoidí scoile agus le foireann ardbhainistíochta an ETB go rialta maidir le riachtanais bhonneagair na scoileanna a aithint, lena n-áirítear pleanáil chun cinn de réir riachtanais dhéimeagrafacha agus churaclaim. Tá béim mhór ar thacaíocht a thabhairt do cheannairí oideachais chun sármhaitheas i dteagasc agus i bhfoghlaim sna scoileanna a chur chun cinn. Lena chois sin tugtar tosaíocht do rialachas éifeachtach na scoileanna a chinntiú trí Bhoird Bhainistíochta láidre.

Faoin stiúrtóireacht seo tá roinnt tionscadal suntasach ar thionscadail neamhscoile iad ach tá fócas láidir oideachais acu go léir:

Seirbhís Oibre Ógra, Seirbhís REALT, Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil, Síceolaí Oideachais, Oideachas Drugaí agus Alcóil.

Cuireann an Stiúrtóir Scoileanna tacaíocht feidhmiúcháin ar fáil fosta do Choiste Oibre Ógra an Bhoird.

(b) Breisoideachas agus Oiliúint

Tá réimse leathan cúrsaí lánaimseartha agus páirtaimseartha ar fáil ag an tseirbhís Breisoideachais agus Oiliúna a thacaíonn le mic léinn chun dul chun cinn taobh istigh de chlár agus dul ar aghaidh chuig deiseanna breisoideachais agus ardoideachais, agus fostaíochta. Cuirtear soláthar ar fáil trí líonra de 16 ionad FET, dhá iar-bhunscoil agus i gcuid mhór áiteanna for-rochtana. Oibríonn an Stiúrtóir FET le Stiúrtóir TFE, Stiúrtóir na Scoileanna agus an Príomhfheidhmeannach chun treo straitéiseach don FET a aithint de réir na dtreoracha náisiúnta; agus le Foireann Ardbhainistíochta an FET atá freagrach as clár agus seirbhísí aonair agus as réimsí straitéise agus forbartha tras-seirbhíse, lena n-áirítear Dearbhú Cáilíochta, Iontrálacha, Treoir, Tacaíocht do Mhic Léinn, Bainistíocht Sonraí, Clárphleanáil agus Foghlaim agus Forbairt Ghairmiúil.

(c) Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta


Tá na hOifigí Riaracháin lárnach d'oibríochtaí ETB Dhún na nGall agus feidhmíonn siad mar mhol chun a gclár agus a seirbhísí a sholáthar i scoileanna agus ionaid de chuid an ETB. In 2026, déanfar feidhmeanna riaracháin a sheachadadh trí struchtúr cúig shraith, a chuimseoidh:-

- Seirbhísí Corparáideacha lena n-áirítear seirbhísí don Bhord agus d'fhochoistí, Comhlíontacht, Sláinte, Sábháilteacht agus Leas, Árachas, Bainistíocht Sonraí – Saoráil Faisnéise/Cosaint Sonraí, Cumarsáid agus Seirbhísí do Chustaiméirí.
- Acmhainní Daonna
- Airgeadas, lena n-áirítear Soláthar
- TFC
- Nuálaíocht, Bainistíocht Athraithe agus Forbairt Caipitil

Tá na snáitheanna thuas faoin Stiúrthóir um Thacaíocht agus Forbairt Eagraíochta (STFE). Tá an STFE freagrach fosta as rialachas agus comhlíonadh, lena n-áirítear tacaíocht feidhmiúcháin a sholáthar do Choistí an Bhoird, an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca agus an Coiste Airgeadais.

Tá 21 Ball ag Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall, toghar 12 díobh i ndiaidh thoghcháin an údaráis áitiúil, ceaptar beirt (2) bhall foirne, beirt (2) thuismitheoirí agus an cúigear (5) ball eile ó ainmniúcháin ó chomhlachtaí agus eagraíochtaí atá sonraithe ag an Aire Oideachais agus Óige. Tagann an Bord le chéile go rialta chun a chuid feidhmeanna forchoimeáda faoin Acht ETB 2013 a chomhlíonadh.

4. Léarscáil Gheografach d'ETB Dhún na nGall



Léarscáil Scoile – Ar deiseal ó Bhun an Phobail

1	Coláiste Pobail Bhun an Phobail	Bun an Phobail
2	Coláiste Cranncha	Bun Cranncha
3	Coláiste Eoghain	Bun Cranncha
4	Coláiste Ailigh	Leitir Ceanainn
5	Coláiste an Eargail	Leitir Ceanainn
6	Coláiste na Daoile	Ráth Bhoth
7	Coláiste Ghleann na Finne	Srath an Urláir
8	Gairmscoil Chú Uladh	Béal an Átha Móir
9	Gairmscoil na Mainistreach	Baile Dhún na nGall
10	Coláiste Mhagh Éne	Bun Dobhráin
11	Gairmscoil Chaitríona	Na Cealla Beaga
12	Coláiste na Carraige	An Charraig
13	Gairmscoil Mhic Diarmada	Oileán Árainn Mhóir
14	Coláiste Pobail Cholmille	Oileán Thoraí
15	Coláiste na Maoile Rua	Baile na nGallóglach

Oifigí Riaracháin

1	Ard Uí Dhónaill	Leitir Ceanainn
---	-----------------	-----------------

Oideachais Ceoil

1	Cornpháirtíocht Oideachais Ceoil Dhún na nGall	Leitir Ceanainn
---	--	-----------------

Ionaid FET – Ar deiseal ó Ghleann Gad

1	Ionad Cumasóige	Gleann Gad
2	Ionad FET Bun Cranncha	Bun Cranncha
3	Ionad Cumasóige Bun Cranncha	Bun Cranncha
4	Ionad FET Leitir Ceanainn (Bóthar an Phoirt)	Leitir Ceanainn
5	Ionad FET Leitir Ceanainn (Bóthar na Páirce Gnó)	Leitir Ceanainn
6	Coláiste an Eargail (PLC)	Leitir Ceanainn
7	Ionad Oiliúna Leitir Ceanainn	Leitir Ceanainn
8	Ionad Cumasóige	Leitir Ceanainn
9	Ionad Cumasóige	Leifear
10	Ionad FET Srath an Urláir	Srath an Urláir
11	Coláiste Ghleann na Finne (PLC)	Srath an Urláir
12	Ionad FET Baile Dhún na nGall (Droim Chliabh)	Baile Dhún na nGall
13	Ionad FET Baile Dhún na nGall (Artscoil na gCeithre Máistrí)	Baile Dhún na nGall
14	Ionad FET Baile Átha Seanaidh	Baile Átha Seanaidh
15	Ionad Oiliúna Gaoth Dobhair	Gaoth Dobhair
16	Ionad FET Gort an Choire	Gort an Choire
17	Ionad FET Baile na nGallóglach	Baile na nGallóglach
18	Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Ghartáin	Mín an Lábáin

5. Ráiteas Straitéise ETB Dhún na nGall 2022-2026

An Fhoghlaim a Athrú, an Saol a Athrú

Misean - ETB Dhún na nGall

Cuireann ETB Dhún na nGall deiseanna oideachais agus oiliúna ar fáil a chuidíonn le mic léinn a mbarrchumas a bhaint amach agus a chuireann le saol sóisialta, cultúrtha agus geilleagrach a bpobal.

Fís - ETB Dhún na nGall

Faoi 2026, beidh feabhas curtha againn ar dheiseanna saoil na ndaoine i nDún na nGall, trí chuidiú leo a bheith rathúil i dtaca le hoideachas agus le hoiliúint.

ETB Dhún na nGall: Croíluachanna

Is eagraíocht foghlama muid. Cuirimid mic léinn ag croílár ár gcuid oibre. Tá gach rud a dhéanaimid chun freastal ar leas ár gcuid mac léinn bunaithe ar ár gcroíluachanna: sármhaitheas; comhionannas; cúram; pobal, agus meas.

Sármhaitheas

Déanaimid ár ndícheall sármhaitheas a bhaint amach i ngach gné dár gcuid oibre. Tá muid tiomanta do na caighdeáin cháilíochta is airde a bhaint amach maidir le teagasc, foghlaim agus measúnú inár gcláir go léir. Is mór againn nuálaíocht agus déanaimid iarracht feabhsú leanúnach a bhaint amach, agus mar sin tacaímid lenár bhfoireann dul i mbun deiseanna forbartha gairmiúla.

Comhionannas

Déanaimid ár ndícheall a chinntiú go dtugtar an deis chéanna do gach mac léinn páirt a ghlacadh inár gcláir oideachais agus oiliúna, cláir atá bunaithe ar mheas, ar chearta an duine agus ar éagsúlacht. Tá ár bpobail foghlama agus oibre uilechuimsitheach i dtaca le cine, inscne, reiligiún nó creideamh, aois, stádas teaghlaigh, stádas sibhialta, ballraíocht den Lucht Siúil, le gnéaschlaonadh, cumas, agus stádas socheacnamaíoch. Mar fhostóir, is mór againn an éagsúlacht, agus tá sé mar aidhm againn go mbeidh ár bhfoirne go hiomlán uilechuimsitheach.

Cúram

Tugaimid aire d'fholláine ár gcuid mac léinn agus ár bhfoireann trí thimpeallachtaí sábháilte agus fáilteacha a chruthú don fhoghlaim agus don obair. Tá cultúr againn a aithníonn agus a cheiliúránn éachtaí na mac léinn agus na foirne. Ag an am céanna, tacaímid le daoine a bhfuil dúshlán rompu ina saol.

Pobal

Cuimsíonn pobal ETB Dhún na nGall ár bhfoireann, ár mic léinn, agus ár gcomhpháirtithe, a oibríonn le chéile chun ár gcuspóirí comhchoiteanna a bhaint amach. Tá dlúthnasc againn le pobail ar fud Dhún na nGall. Is mór againn na comhpháirtíochtaí atá forbartha againn le grúpaí pobail agus le heagraíochtaí chun buntáistí sóisialta, cultúrtha agus geilleagracha a thabhairt chuig an chontae.

Meas

Caithimid le gach duine le meas. Tá ár gcaidrimh le mic léinn, le baill foirne agus le pobail bunaithe ar oscailteacht agus ar mhuinín. Tá meas againn ar na dlíthe agus na rialacha a rialaíonn gach gné dár gcuid oibre: oibrímid taobh istigh de chultúr cuntasachta, cothroime, macántachta agus uilechuimsitheachta.

6. Forbairtí Reatha a bhfuil tionchar acu ar Phlean Seirbhíse 2026

Plean Straitéiseach 2027-2031

Le linn 2026, tosóidh ETB Dhún na nGall ag pleanáil dár gcéad Ráiteas Straitéise eile, a chlúdóidh an tréimhse 2027-2031. Déanfar comhairliúchán fairsing leis na páirtithe leasmhara uilig agus muid ag leagan amach ár dtosaíochtaí straitéiseacha do thréimhse an phlean.

Bloic lochtacha

Is fadhb leanúnach i dtithe i nDún na nGall iad na bloic lochtacha. Is dúshlán shuntasacha iad inár bpobail áitiúla agus is dócha go méadóidh na héifeachtaí sna blianta amach romhainn. Leanfaidh ETB Dhún na nGall i mbun stocaireachta ar son acmhainní chun freagairt do riachtanais na mac léinn agus na foirne a bhfuil tionchar aige seo orthu. Tá an cheist seo an-díobhálach do leas ginearálta na ndaoine sin atá buailte ag an ghéarchéim seo.

Athbhrandáil ar an tSeirbhís Breisoideachais agus Oiliúna

Tarlóidh seoladh agus bunú Choláiste Breisoideachais agus Oiliúna Dhún na nGall i rith 2026. Is aitheantas úr é an t-athbhrandáil seo do Bhreisoideachas agus Oiliúna agus tacaíonn sé le treo straitéiseach náisiúnta Bhreisoideachas agus Oiliúna in Éirinn. Is tosaíocht straitéiseach agus maoinithe do 2026 í an tseirbhís a athbhrandáil agus an t-aitheantas branda nua a chur chun cinn.

Gníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht

Tugann an tAcht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú) 2021 bunús dlí do ghníomhú ar son na haeráide san earnáil phoiblí. Tugann sé ar gach comhlacht poiblí a gcuid feidhmeanna a chomhlíonadh ar bhealach atá comhsheasmhach le huaillmhian aeráide na hÉireann. Tá an earnáil phoiblí le bheith ina heiseamláir, agus an gníomh riachtanach ar son na haeráide á léiriú aici chun astaíochtaí gás ceaptha teasa na hÉireann a laghdú faoi 51% agus chun an feabhas ar éifeachtúlacht fuinnimh san earnáil phoiblí a mhéadú go 50% faoi 2030. Tacóidh Straitéis úr Dícharbónaithe na hEarnála Poiblí atá forbartha ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide leis an ról ceannaireachta seo.

Tá an Earnáil ETB uathúil sa mhéid is go bhfuil trí réimse inaitheanta aici:

- Foirgnimh Bhunscoile agus Iar-Bhunscoile
- Foirgnimh Bhreisoideachais
- Foirgnimh Oifige agus oibríochtaí ETB.

Baineann Sainordú Gníomhaithe Aeráide na hEarnála Poiblí le go leor comhlachtaí san earnáil phoiblí lena n-áirítear ETB Dhún na nGall (ceann de na heisceachtaí, áfach, ná earnáil na Scoileanna, áit a bhfuil sainordú sainearnála i bhfeidhm agus leanfaidh muid an sainordú seo do Scoileanna faoi shainchúram ETB Dhún na nGall).

D'ullmhaigh ETB Dhún na nGall ár gcéad Threochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide in 2024 agus déantar an treochlár a nuashonrú go bliantúil. Léiríonn an treochlár an dóigh a n-oibreoimid leis an dá phríomhchomhlacht maoinithe atá againn, an Roinn Oideachais agus Óige agus SOLAS/An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, mar aon le tacaíocht ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, chun díriú ar astaíochtaí carbóin a laghdú, agus feabhas a chur ar ár mbainistíocht fuinnimh agus ar chleachtais inbhuanaitheachta eile chun na spriocanna atá leagtha amach i bPlean Gníomhaíochta Aeráide an Rialtais a bhaint amach.

Le linn 2026, cuirfidh ETB Dhún na nGall maoiniú a fuarthas ó Scéim Oibreacha Samhraidh Gníomhaíochta Aeráide do scoileanna agus ó Dheontas Caipitil Glas Cineachta FET i bhfeidhm chun bearta a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar ár spriocanna. Is féidir le sruthanna maoinithe eile cuidiú linn ár spriocanna a bhaint amach fosta.

In 2026 déanfaidh muid athbhreithniú agus nuashonrú ar ár dTreochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide laistigh de 6 mhí ó fhoilsiú an Phlean náisiúnta nuashonraithe um Ghníomhú ar son na hAeráide.

Dualgas na hEarnála Poiblí

Ceanglaítear leis an Dualgas ar chomhlachtaí poiblí aird a thabhairt ar an ghá atá le leithcheal a dhíchur, comhionannas a chur chun cinn, agus cearta an duine a chosaint d'úsáideoirí seirbhíse, do thairbhíthe beartais, agus d'fhostaithe, thar gach réimse feidhme.

D'fhorbair ETB Dhún na nGall plean forfheidhmithe in 2023 chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais seo de réir na gceanglas ábhartha reachtaíochta, agus in 2026 leanfaimid orainn ag cur an Dualgais i bhfeidhm lena n-áirítear forbairt, monatóireacht agus athbhreithniú ar phleananna, ar pholasaithe inmheánacha, ar straitéisí agus ar chlár.

Mar a luadh thuas, le linn 2026 beidh ETB Dhún na nGall ag cur a chéad Ráiteas Straitéise eile le chéile agus cinnteoidimid go gcuirfear an Dualgas Earnála Poiblí san áireamh sa Ráiteas sin.

Bainistíocht Slándála Faisnéise

Aithníonn ETB Dhún na nGall na rioscaí atá ann maidir le Cibearshlándáil, Cosaint Sonraí agus Slándáil Faisnéise. Mar sin de, bhunaigh ETB Dhún na nGall grúpa oibre Córas Bainistíochta Slándála Faisnéise (CBSF) in 2024. Tá Stiúrtóir TFE ainmnithe ag an Phríomhfheidhmeannach le bheith i gceannas ar an ghrúpa oibre seo agus lena chinntiú go ndíríonn an grúpa CBSF a chuid oibre ar aghaidh a thabhairt ar chuspóirí slándála faisnéise a ailíniú le cuspóirí straitéiseacha foriomlána na heagraíochta agus a thacaíonn le cuspóirí straitéiseacha foriomlána na heagraíochta a bhaint amach, mar atá leagtha amach inár Ráiteas Straitéise 2022-2026.

Leanfaidh an Príomhfheidhmeannach agus na Stiúrtóirí de chruinnithe rialta a reáchtáil in 2026 áit a dtabharfaidh siad treoir don ghrúpa CBSF agus déanfaidh siad monatóireacht ar dhul chun cinn an ghrúpa, i dtreo na gculpóirí atá leagtha amach dó a bhaint amach chun seasamh slándála ETB Dhún na nGall a neartú.

An dóigh ar forbraíodh an Plean Seirbhíse seo

Forbraíodh an Plean Seirbhíse seo chun tacú le cur i bhfeidhm Ráiteas Straitéise ETB Dhún na nGall 2022 – 2026. Cé go leagtar amach ár dtosaíochtaí agus ár gcuispóirí thar thréimhse 5 bliana sa Ráiteas Straitéise, tá sé tábhachtach go mbeadh próiseas i bhfeidhm chun tacú lena seachadadh.

Agus an Plean Seirbhíse á fhorbairt, rinneadh próiseas comhairliúcháin le Bainisteoirí Sinsearacha agus Príomhoidí thar gach réimse soláthair lena chinntiú go bhfuil na bearta atá leagtha amach le seachadadh le linn thimthriall an Phlean Seirbhíse oiriúnach do na tosaíochtaí agus na haidhmeanna foriomlána atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise Corparáideach.

Cinntíonn an próiseas comhairliúcháin fosta gur féidir torthaí atá leagtha amach do 2026 a bhaint amach agus go bhfuil siad faoi úinéireacht na nArdbhainisteoirí agus na bPríomhoidí ina réimsí soláthair seirbhíse faoi seach.

Chun tacú le seachadadh na dtorthaí a aithníodh, tá na grúpaí seo a leanas i bhfeidhm chun cuidiú agus/nó acmhainní a sholáthar nuair is gá chun a chinntiú go mbainfear torthaí amach:


- PF/Fóram na Stiúrthóirí
- Fóram TFE
- Grúpa na bPríomhoidí
- Grúpa na Leas-phríomhoidí
- Foireann Ardbhainistíochta FET
- Grúpa Bainisteoirí Ionad FET
- Foireann Riaracháin na Ceannoifige
- Grúpa Maoinithe agus Pleanála FET
- Grúpa Foirgneamh FET

Tagann na Grúpaí sin le chéile go rialta agus soláthraíonn siad tacaíocht trasearnála/tras-suímh trína chinntiú go bhfuil próiseas cumarsáide iltoiseach i bhfeidhm chun tacú le seachadadh agus chun monatóireacht a dhéanamh air. Áirítear leis an tacaíocht sin fosta, más cuí, Grúpaí Oibre tras-seirbhíse a bhunú i gcás a bhfuil cur chuige comhtháite de dhíth ar ghníomhaíochtaí áirithe sainaitheanta.

- Grúpa Comhairleach Cumarsáide
- Coiste na Gaeilge
- Grúpa Oibre Straitéis FCT
- Grúpa Oibre um Chóras Bainistíochta Slándála Faisnéise
- Grúpa Straitéise um Fholláine san Áit Oibre
- Grúpa Stiúrtha um Fhuinneamh Aeráide agus Inbhuanaitheachta
- An Mheitheal um Bhainistiú Fuinnimh/Inbhuanaitheacht
- Grúpa Oibre um Dhualgais na hEarnála Poiblí
- Grúpa Comhordaithe Oibre Óige

7. Sreabhadh Oibre maidir le Timthriall Pleanála

Ráiteas Straitéise 5 bliana as a dtiocfaidh Timthriall Pleanála Bliantúil



Tá sé tábhachtach go n-úsáidfear an próiseas thuas chun trédharcacht, soiléireacht chuspóra a chinntiú agus chun fócas a choinneáil ar oibriú go gníomhach chun an méid atá leagtha amach againn a sheachadadh thar shaolré an Ráitis Straitéise.

8. Ráiteas Seirbhíse 2026

Faoi théarmaí an Chomhaontaithe um Sheachadadh Feidhmíochta idir an Roinn Oideachais agus Óige agus ETB Dhún na nGall, sainaithníodh na spriocanna agus na tosaíochtaí seo a leanas. Is iad seo a leanas na gníomhartha sonracha chun na tosaíochtaí seo a bhaint amach, mar aon leis na táscairí feidhmíochta agus na spriocanna gaolmhara atá le seachadadh:

Cuspóir: Eispéireas an Mhic Léinn/an Fhoghlaimeora a Bharrfheabhsú

Tosaíocht: Eispéireas foghlama dearfach a sholáthar do gach foghlaimeoir, lena n-áirítear foghlaimeoirí ó ghrúpaí imeallaithe		
Beart	Táscaire Feidhmíochta	Sprioc
A chinntiú go mbíonn na scileanna digiteacha a dtairgtear ag teacht le riachtanais an phobail agus an tionscail.	Líon na dtairbhíthe mac léinn ar chúrsaí digiteacha a choinneáil	Tá tairiscint bunscoileanna ag gach lonad agus tá oideachas agus oiliúint scileanna ardleibhéil ar fáil go réigiúnach.
A chinntiú go bhfuil ár 5 chroíluach leabaithe ar fud ár scoileanna agus lonad FET Uasoiliúint a chur ar ár bhfoirne meánbhainistíochta inár scoileanna Tacú le lonaid FET chun na cúig chroíluach a neadú trí úsáid a haint as tacaíocht agus éascú lárnach.	Feasacht níos fearr ar ár bpríomhluachanna i measc mac léinn, baill foirne, bhaill den Bhord Bainistíochta (BB) agus tuismitheoirí Oiliúint dár bhfoirne meánbhainistíochta inár scoileanna Oiliúint agus tacaíocht don mheánbhainistíocht in lonaid FET Úsáid mhéadaithe Google Classroom i scoileanna	Tá Foireann Éitis ghníomhach ag gach scoil atá ag obair ar chur chun cinn na 5 chroíluach Pobail Chleachtais bunaithe d'fhoirne meánbhainistíochta Feasacht agus tuisceant mhéadaithe ar na croíluachanna atá le feiceáil in lonaid FET Gach scoil rannpháirteach go gníomhach in Google Classroom agus iniúchadh á dhéanamh ar Aipeanna cuí Glacann gach scoil páirt i 'Seachtain na hÉitise' atá sceidealaithe do Théarma 1 sa bhliain scoile 2026/27.
Beidh deiseanna chun dea-chleachtas a roinnt idir Scoileanna agus lonaid aitheanta lena n-áirítear rannpháirtíocht leanúnach sa Chlár TL21 agus sa Chlár um Cheannaireacht Teagaisc a chuirtear chun cinn agus a dtacaítear leis laistigh d'ETBI. Leanstan ar aghaidh ag lorg nuashonraithe maidir le dáta tosaithe do thionscadal IL PeacePlus leis an ÚO i dTÉ	Páirt á glacadh ag Scoileanna agus lonaid i dTionscadail Erasmus Cruinniú idir ÚO agus PF chun clár trasteorann Ceannaireachta Teagaisc a chur chun cinn.	Rannpháirtíocht mhéadaithe i gclár Erasmus Clár cruthúnais coincheapa ar Leith deartha.
Breis uasoiliúna chun TFC a chomhtháthú i gcur chuige cur chun cinn Teagaisc agus Foghlama	Úsáid mhéadaithe Google Classroom i scoileanna Líon na scoileanna atá rannpháirteach i Mapáil Soláthar RISE/RSO mar chuid den tionscnamh ETBI/Choláiste Mhuire gan Smál.	10 scoil ag glacadh páirt i Mapáil Soláthair RSO. Aghaidh tugtha ar riachtanais foghlaimeoirí imeallaithe

Obair fhorbartha chun éiteas scoile ETB a chur chun cinn agus a leabú trí na ráitis chleachtais Leanstán le moltaí an Ghrúpa Oibre um Dhualgais na hEarnála Poiblí a chur i bhfeidhm	Comhordaitheoir Éitis ag obair le scoileanna chun na ráitis chleachtais a chur chun cinn. Scoileanna páirteach i nGearrchúrsa na bPátrún d'oiliúint múinteoirí	Feasacht mhéadaithe i measc mac léinn, foirne, scoileanna agus tuismitheoirí, Bord Bhainistíochta agus Ball Bhord ETB ar éiteas scoileanna agus seirbhísí ETB. IMBV leabaithe i scoileanna. Comhlánaíonn príomhfhoireann modúl ríomhfhoghlama éagsúlachta sóisialta ETBI. Fóram Díospóireachta Sóisearach agus Sinsearach a reáchtáiltear gach bliain do mhic léinn maidir leis an 5 chroíluach dár ETB.
Forbairt bhreise sna 4 scoil atá rannpháirteach sa Scéim Aitheantais mar Scoil Ghaeltachta Leanúint ar aghaidh ag tacú le agus ag forbairt ár ndá scoil Oileáin <u>Scoileanna na Gaeltachta:</u> Treoir, comhairle agus tacaíocht spriocdhírthe a chur ar fáil chun cabhrú le 2 scoil atá rannpháirteach ach nár aithníodh go hoifigiúil fós faoi Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta dul chun cinn i dtreo na gcritéar aitheantais Rochtain ar dheiseanna FGL agus foghlama gairmiúla a éascú do bhaill foirne Tacú le forbairt agus cur i bhfeidhm na bpleananna gníomhaíocht atá ailínithe le ceanglais Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta Monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn i gcomhar le ceannaireacht na scoile chun cinn leanúnach i dtreo aitheantais a chinntiú. Leanúint de bheith ag leithdháileadh acmhainní atá ar fáil go straitéiseach chun acmhainneacht an tsoláthair trí	Dul chun cinn maidir leis an phlean scoile don Scéim Aitheantais mar Scoil Ghaeltachta Caiteachas iomlán mhaoiniú Scoileanna Oileáin Dul chun cinn i dtreo aitheantais Líon na rannpháirtithe a dhéanann FGL a mhéadú Forbraíodh Pleananna Gníomhaíochta, cuireadh i bhfeidhm iad agus rinneadh monatóireacht orthu Leithdháileadh acmhainní	Dúshraith níos daingne a leagan, a chabhróidh le scoileanna leanúint orthu ag cur le húsáid na Gaeilge sna 4 scoil trí spriocanna a bhaint amach don bhliain 2026. Athchumrú Choiste na Gaeilge ETB A chinntiú nach bhfuil scoileanna na n-oileán faoi mhíbhuntáiste i gcomparáid le scoileanna na mórthíre Dúshraith níos daingne a leagan, a chabhróidh le scoileanna leanúint orthu ag cur le húsáid na Gaeilge sna 4 scoil trí spriocanna a bhaint amach don bhliain 2026.

mheán na Gaeilge a neartú sa dá scoil atá aitheanta faoi láthair agus sa dá scoil atá ag iarraidh aitheantas a bhaint amach		
Soláthraítear réimse leathan clár oideachais agus oiliúna freagrúla agus tacaíocht ábhartha i ngach scoil, coláiste agus ionad.	Réimse leathan clár agus seirbhísí ar fáil agus á sheachadadh ar fud an chontae An próiseas soláthair a chríochnú don Chóras Faisnéise Bainistíochta le húsáid i scoileanna.	Soláthar freagrúil méadaithe chun uilechuimsiú gach foghlaimora a chinntiú Soláthraí rathúil MIS do scoileanna a ceapadh i ndiaidh phróiseas soláthair.
Mapáil Soláthair RSO i gCleachtas do Scoileanna a chur chun cinn. Soláthar RSO a phleanáil go straitéiseach, córais a fhorbairt chun cur chuige a chur chun cinn trí Fhéinmheastóireacht Scoile (FS), acmhainní a leithdháileadh agus FGL na foirne a shainaitint An acmhainn a bhaineann lenár gComhordaitheoirí REALT a chur chun cinn chun tacú le mic léinn agus lena dteaghlaigh rochtain agus freastal a fháil ar sholáthar scoile	Na hacmhainní ábhartha go léir atá de dhíth ar scoileanna chun tacú le cur i bhfeidhm mapáil soláthar i scoileanna a chur ar fáil. Mic léinn ón Úcráin agus ó na Seirbhísí Cóiríochta Cosanta Idirnáisiúnta (SCCI) a imeascadh go maith ina bpobail scoile féin. FGL curtha ar fáil don fhoireann ábhartha tríd an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS).	Soláthar neartaithe RSO inár scoileanna as a dtagann eispéireas foghlama feabhsaithe do dhaltai Feabhas a chur ar rochtain agus ar choinneáil

Próiseas íocaíochtaí foghlaimora a chomhtháthú chun éifeachtúlacht agus úsáid acmhainní foirne a fheabhsú Cuir aon Chinneadh agus aon Mholtaí ó Iniúchadh Inmheánach 2025 ar phárollaí Foghlaimoirí agus Printíseach i bhfeidhm	Íocaíochtaí foghlaimora próiseáilte go cruinn agus in am Líon na moltaí atá curtha i bhfeidhm	Na spriocdhátaí íocaíochta go léir bainte amach Tabhair aghaidh ar aon mholtaí ardrátáilte/mholtaí meánrátáilte le linn 2026
--	--	---

Cuspóir: Eispéireas an Mhic Léinn/an Fhoghlaimeora a Bharrfheabhsú

Tosaíocht: Curaclam leathan a chur ar fáil		
Beart	Táscaire Feidhmíochta	Sprioc
Ullmhú don chomhairliúchán ar Athchóiriú na Sraithe Sinsearaí agus cur leis Leanstan le dea-chleachtais a chur chun cinn sa tSraith Shóisearach ar fud na scoileanna	Feasacht i measc na foirne ar dhul chun cinn maidir le hAthchóiriú na Sraithe Sinsearaí Líon na n-athbhreithnithe curaclaim a rinneadh Ullmhaíonn scoileanna go rathúil don chur chun feidhme eile i mí Mheán Fómhair 2026	Méadú ar an líon foirne a bhíonn ag plé le hathbhreithnithe curaclaim na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM)
Athbhreithniú ar na hábhair reatha Ardteistiméireachta a chuirtear ar fáil sa churaclam i ngach scoil	Réasúnaíocht shoiléir tugtha do Stiúrthóir na Scoileanna (SS) ag gach cuairt scoile ar Sholáthar na hArdteistiméireachta Glacann scoileanna páirt in athbhreithniú bliantúil ar an Idirbhliain	Dul i ngleic le riachtanais oideachais agus oiliúna nua agus reatha an phobail
Tuilleadh forbartha ar Chláir FET nua i réimsí curaclaim ábhartha e.g. scileanna 'glasa' agus scileanna digiteacha	Roinnt clár úr tugtha isteach	Forbairt agus rolladh amach clár nua a bhaineann le maoiniú SEUPB (Foras um Chláir Speisialta an AE)
Cuíchóiriú a dhéanamh ar an dóigh a gcuirtear soláthar i láthair an phobail trí sheirbhís lárnaithe iontrála a bhunú.	Coinbhinsiúin ainmniúcháin críochnaithe, dúbláil íoslaghdaíthe agus suíomh gréasáin úr seolta	Seirbhís iontrála nua bunaithe agus branda nua agus láithreacht dhigiteach á bhforbairt.

Cuspóir: Eispéireas an Mhic Léinn/an Fhoghlaimeora a Bharrfheabhsú

Tosaíocht: Córais Dearbhaithe Cáilíochta ábhartha agus iomchuí a chur i bhfeidhm		
Beart	Táscaire Feidhmíochta	Sprioc
Teagmháil leanúnach leis an Chigireacht inár scoileanna	Tuarascálacha Cigireachta atá dearfach agus cuiditheach Moltaí ó Thuarascálacha Cigireachta curtha faoi bhráid BBanna a chuireann maoirseacht agus treoir ar fáil.	Moltaí na dTuarascálacha Cigireachta a chur i bhfeidhm go tráthúil
Forbairt leanúnach agus comhtháthú Córas Dearbhaithe Cáilíochta (DC) in FET Athbhreithniú agus feabhsú ar Struchtúir Rialachais agus Bainistíochta um Dhearbhú Cáilíochta	Athbhreithniú ar Struchtúir Rialachais agus Bainistíochta (R&B) críochnaithe agus curtha i bhfeidhm	Struchtúr R&B níos éifeachtaí agus níos sruthlínithe maidir le Dearbhú Cáilíochta a chinntíonn feabhsú ar Fhéinmheasúnú, Monatóireacht agus Athbhreithniú

Tosaíocht: Tacú le Mic Léinn/foghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachais i gcomhréir leis an bheartas náisiúnta reatha		
Beart	Táscaire Feidhmíochta	Sprioc
Plean Gníomhaíochta DEIS gníomhach inár 11 scoil DEIS <u>Clár Críochnaithe Scolaíochta (SCP)</u> Leanúint ar aghaidh ag tacú le hoibríochtaí agus rialachas SCP Páirt a ghlacadh i rannpháirtíocht leanúnach le ETBI, an Roinn Oideachais agus Óige, agus TESS chun forbairtí clár náisiúnta agus rialachais a chur chun cinn Tacú le cur i bhfeidhm an chreata fostaíochta agus an mhúnla seirbhíse atá comhaontaithe, a luaite a bheidh sé comhaontaithe leis an earnáil agus curtha i gcrích. A chinntiú go bhfuil forálacha áitúla an Chláir Críochnaithe Scolaíochta (SCP) ailínithe le treo beartais náisiúnta agus le ceanglais rialachais	Pleananna DEIS atá praiticiúil agus dinimiciúil Tacaíocht tugtha do oibríochtaí SCP agus iad comhlíontach	Aghaidh a thabhairt ar mhíbhuntáiste oideachasúil Gach mac léinn a fhaigheann an tacaíocht riachtanach trí na cláir SCP

Éascú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm éifeachtach aon chomhaontuithe seirbhíse agus teorach oibríochtúil a comhaontaíodh ar fud braislí SCP laistigh den ETB		
Foirne Tacaíochta do Mhic Léinn a leabú a thuilleadh i saol na scoile Treoirí nua Cineáltais a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm	Foirne Tacaíochta Scoile Gníomhacha Nósanna imeachta soiléire ar an dóigh le plé le fadhbanna bulaíochta Rannpháirtíocht in oiliúint Bí Cineálta do bhaill foirne nua	Feabhas a chur ar rochtain, ar choinneáil agus ar dhul ar aghaidh chuig saol na hoibre/breisoideachas/ardoideachas
Tacaíochtaí méadaithe a thabhairt do mhic léinn trí Thacaíochtaí do Mhic Léinn agus Seirbhís Leasa	Tacaíochtaí reatha d'fhoghlaimeoirí FET a choinneáil ar bhealach comhsheasmhach ar fud na gclár i bhfianaise dúshlán maoinithe	Atreoruithe mac léinn FET chuig seirbhísí Tacaíochta agus Leasa Mhic Léinn ETB.

A chinntiú go gcuirtear guth na mac léinn san áireamh i bhfóiraim éagsúla chinnteoireachta Deis dár 6 Ghaelscoil cur leis an phlé ar éiteas.	Fóiraim do mhic Léinn agus meicníochtaí aiseolais eile do mhic Léinn i bhfeidhm. Lá éascaithe chun gur féidir leis na Gaelscoileanna éiteas a phlé	An Plean Gníomhaíochta a chur i bhfeidhm go tráthúil Fianaise go bhfuil athruithe á gcur i bhfeidhm mar gheall ar aiseolas ó mhic léinn.
Cur chun cinn chiste REACH do ghrúpaí pobail Iniúchadh a dhéanamh ar mhodh chun Dualgas na hEarnála Poiblí a chur ar aghaidh chuig grúpaí atá ag fáil maoiniú REACH	Tacaíocht do ghrúpaí pobail chun gníomhaíochtaí arna maoiniú faoi REACH a chur i bhfeidhm. Gabh i gcomhairle le SOLAS maidir le Dualgas na hEarnála Poiblí	Méadú ar rochtain do mhic léinn faoi mhíbhuntáiste trí mhaoiniú FET REACH a chur i bhfeidhm Maoiniú iomlán REACH a leithdháileadh. Feasacht i measc grúpaí ar Dhualgas na hEarnála Poiblí
	Tionscadail a ceadaíodh faoin Scéim Oibreacha Samhraidh um Ghníomhú ar son na hAeráide 2025 a sheachadadh (6 scoil DETB ceadaithe)	Próisis soláthair a reáchtáil, Foirne Dearaidh agus Conraitheoirí a cheapadh chun tionscadail a sheachadadh, monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn tionscadail	Líon na dtionscadal a ndearnadh dul chun cinn orthu	4 thionscadal ar a laghad as 6 thionscadal ceadaithe a chríochnú le linn 2026
	Tionscadail CSB	Leanúint ar aghaidh ag obair leis an ROÓ chun tionscadail éagsúla um Chóiríocht Scoile Breise (CSB) a chur chun cinn i Scoileanna DETB	Líon na dtionscadal CSB Scoile a ndearnadh dul chun cinn orthu	Roinnt tionscadal CSB a chur chun cinn trí chéimeanna tionscadail ROÓ

Obair Ógra agus obair le leanaí agus daoine óga.	Tá ról na seirbhísí oibre don aos óg i bhfeabhsú shaol daoine óga neartaithe, níos sofheicthe agus ailínithe níos fearr le seirbhísí eile. Tá cur chuige bunaithe ar chomhionannas agus ar chearta leabaithe i ngach seirbhís oibre don aos óg agus i ngach struchtúr tacaíochta. Léiríonn seirbhísí oibre don aos óg éagsúlacht dhaonra óg na hÉireann. Oibríonn soláthar uilíoch agus soláthar spriocdhírthe go héifeachtach le chéile chun rannpháirtíocht agus dul chun cinn daoine óga ó gach cúlra agus pobal a chumasú Tá seirbhísí oibre don aos óg ardchaighdeáin, cuntasach, inbhuanaithe agus múnlaith ag sonraí agus fianaise ábhartha. Tá na scileanna, an oiliúint agus na tacaíochtaí cearta ag gach duine a oibríonn le daoine óga, idir oibrithe íochta agus oibrithe deonacha, chun seirbhísí oibre don aos óg ardchaighdeáin a sheachadadh do dhaoine óga.	Forbair samhail do thosaíochtaí beartais náisiúnta ilbhliantúla don aos óg a thabharfar aghaidh orthu trí scéimeanna agus seachadadh seirbhísí, le snáithe bliantúil chun tacú le riachtanais atá ag teacht chun cinn. Feabhsóidh eagraíochtaí óige maoinithe agus comhlachtaí seachadta eile a gcur chuige maidir leis na deiseanna atá ar fáil do dhaoine óga agus don phobal i gcoitinne a chur in iúl agus a chur chun cinn go réamhghníomhach, lena n-áirítear úsáid a bhaint as uirlisí rannpháirtíochta digiteacha. Oibrigh leis na hEagraíochtaí Óige agus le daoine eile chun moltaí a shainaithint maidir leis an bhealach is fearr chun a ról a threisiú agus acmhainní a chur ar fáil dó ar fud cuspóirí straitéiseacha comhchosúla. Cuidiú a thabhairt le Straitéis Forbartha Fórsa Saothair a fhorbairt don earnáil oibre óige, lena n-áirítear breithniú ar riachtanais oiliúna	Rochtain ar sheirbhísí nua don ógra agus oibrithe óige breise a mhéadú trí infheistíocht stáit leanúnach. Rannpháirtíocht mhéadaithe daoine óga agus eagraíochtaí óige i gcláir óige, go háirithe maidir le daoine óga atá leochaileach agus faoi mhíbhuntáiste (Clubanna Óige, Ionaid Eolais don Aos Óg, UBU D'Áit, Do Spás, Imeascadh) Monatóireacht agus maoirseacht a chinntiú tríd an Chreat Maoirseachta Feidhmíochta. Cruinnithe Pleanála agus Athbhreithnithe ar Dhul Chun Cinn (CPADCCanna) a reáchtáladh le hEagraíochtaí Óige atá maoinithe ag UBU, chun athbhreithniú agus plé a dhéanamh ar sheachadadh na Seirbhíse UBU. Teagmháil leanúnach le Grúpa Comhordaithe ETB Dhún na nGall um Obair Ógra. Aird a bheith ag gach duine ar pháistí agus daoine	Méadú ar líon na ndaoine óga a fhaigheann tacaíocht, infheistíocht mhéadaithe i ngníomhaíochtaí, i gcláir agus in áiseanna óige.
--	---	--	---	---

	Rochtain ar ghnáthsheirbhísí óige do gach duine óg, beag beann ar a gcúinsí, agus freagrúil do riachtanais reatha agus riachtanais atá ag teacht chun cinn. Seirbhísí agus deiseanna maoinithe don aos óg atá dírithe ar gach duine óg, agus a bhfuil bonneagar maoinithe inbhuanaithe agus trédhearcach mar thaca leo. Soláthar Oibre Ógra i limistéar ETB Dhún na nGall a leathnú, a fheabhsú agus tacú leis trí sholáthar, chomhordú agus mhaoirseacht ar chlár agus ar sheirbhísí ógra a chinntiú. Tacaíonn agus cuireann scéimeanna, gníomhaireachtaí, eagraíochtaí agus seirbhísí cáilíocht, nuálaíocht, comhoibriú agus comhroinnt dea-chleachtais chun cinn. Is iad na cásanna, na riachtanais, na leasanna, na láidreachtaí agus na tuairimí casta,	agus an riachtanas maidir le seirbhísí agus deiseanna oibre óige ardchaighdeáin, inrochtana agus cuimsitheacha. Déan athbhreithniú ar scéim UBU D'Áit Do Spás ina hiomláine lena chinntiú go bhfuil a cuid aidhmeanna beartais á seachadadh agus aithin an bhfuil gá le hathruithe ar a chóras oibriúcháin chun freastal ar riachtanais a spriocghrúpaí. Infhaighteacht agus dáileadh oibre óige agus seirbhísí agus áiseanna níos leithne don óige ar fud Dhún na nGall a mhapáil, i gcomparáid le sonraí déimeagrafacha tábhachtacha. Comhoibriú le ROÓ agus Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann chun meicníochtaí láidre a fhorbairt do dhaoine óga chun tionchar a imirt ar chinnteoireacht agus lena n-áirítear peirspictíochtaí saineolaithe agus earnálacha agus iad siúd a dhéanann ionadaíocht ar chohóirt daoine óga a bhfuil bacainní ar leith acu maidir le rannpháirtíocht.	óga, agus a gcearta agus a bhfolláine i gcroílár polasaí agus cinnteoireachta . Méadú ar líon na ndaoine óga atá rannpháirteach i soláthar neamhfhoirmiúil ardchaighdeáin do dhaoine óga a chuimsíonn na cúig Thoradh Náisiúnta. Dul chun cinn ar chur i bhfeidhm an Chreata Beartais Náisiúnta do Leanaí agus Daoine Óga 2023-2028 agus Deiseanna don Óige: An Straitéis Náisiúnta um Obair don Aos Óg agus Seirbhísí Gaolmhara 2024 - 2028	
--	--	--	---	--

	éagsúla agus dinimiciúla atá ag daoine óga a mhúnlaíonn beartas agus seirbhísí oibre don aos óg, agus aird ar leith á tabhairt ar dhaoine óga a bhfuil bacainní ar leith acu maidir le deiseanna	Tógáil ar an dea-obair idirghníomhaireacht a agus ar an chomhoibriú trí Choiste Oibre Óige ETB Dhún na nGall, Choistí Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga (CSLD), Chomhairle Óige Dhún na nGall, Tusla agus FSS. Tacaíocht agus treoir leanúnach do gach soláthar seirbhíse óige seanbhunaithe, lena n-áirítear tionscadail agus clubanna faoi stiúir na foirne agus oibrithe deonacha, trí scéimeanna ar nós UBU Do Spás, D'Áit, chun tionchar a imirt ar earnáil láidir óige agus í a chur chun cinn. Freastal go comhoibríoch ar riachtanais leanaí agus daoine óga trí obair don ógra agus modheolaíochtaí éifeachtacha eile. Cinntiú go gcuirtear struchtúir láidre rialachais i bhfeidhm.		
Inbhuanaitheacht /Éifeachtúlacht Fuinnimh	Leanstan ar aghaidh le cur i bhfeidhm Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide DETB	Cuir isteach an Treochlár bliantúil um Ghníomhú ar son na hAeráide Gníomhaíochtaí a théann i ngleic le “Bearna go Sprioc” ETB Dhún na nGall a chur chun cinn mar chuid den Phlean Gníomhaíochta Aeráide náisiúnta agus Sainordú na	Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide críochnaithe agus curtha isteach faoin dáta dlite Ceardlann curtha ar fáil do phríomhpháirtithe leasmhara Feasacht mhéadaithe na Foirne ar	Córais méadraithe agus monatóireachta a bheith curtha i bhfeidhm againn, in oiread dár bhfoirgnimh agus is féidir, faoi dheireadh 2026 chun feabhas a chur ar ár gcumas ár ndul chun cinn a thomhas Ceardlann seachadta agus gníomhartha curtha i bhfeidhm bunaithe ar thorthaí

		hEarnála Poiblí trí Iniúchtaí Fuinnimh, úsáid Deontas Cineachta Glas FET, Scéimeanna Oibreacha Samhraidh Gníomhaíochta Aeráide 2025 ceadaithe i Scoileanna a chur chun cinn, agus sruthanna maoinithe eile a úsáid chun iarratas a dhéanamh ar thionscnaimh CES. Ceardlann a reáchtáil do phríomhpháirtithe leasmhara laistigh den DETB chun gníomhartha a aithint, dea-chleachtas a roinnt, athrú iompraíochta agus cultúir a spreagadh ar fud na heagraíochta agus leanúint de bheith ag méadú feasachta na foirne maidir le Bainistíocht agus Inbhuanaitheacht Fuinnimh	Ghníomhaíocht Aeráide, Inbhuanaitheacht agus Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide ETB Dhún na nGall Líon na dtionscadal ceadaithe ag CASWS a críochnaíodh i Scoileanna le linn 2026 Méid an Deontais Chineachta Ghlas FET a caitheadh Líon na n-iniúchtaí fuinnimh déanta Laghduithe ar ídiú kWh agus Ola	ceardlainne Cuir an oiread tionscadal CASWS i gcrích agus is féidir le linn 2026 Deontas Cineachta Glas FET iomlán caite Dul chun cinn leanúnach i dtreo spriocanna Gníomhaíochta Aeráide 2030 de chuid DETB a bhaint amach Rinneadh 10 nIniúchadh Fuinnimh in 2026 Níos mó próiseas soláthair ag baint úsáide as critéir Ghlasa
--	--	--	--	--

		Comhoibriú le Gníomhaireacht Fuinnimh an Iarthuaiscirt chun iniúchtaí fuinnimh grád infheistíochta a dhéanamh ar fhoirgnimh Úsáid mhéadaithe as na critéir 'ghlasa' mar chuid den phróiseas soláthair		
Pobalscoileanna Náisiúnta	Leanúint ag tomhas an ghá atá le rogha bhreise phátrúnachta maidir le bunscoileanna	Monatóireacht a dhéanamh ar an ghá atá leis an tsocrú pátrúnachta úr seo trí bhualadh le pátrúin atá ann cheana agus an tsamhail Pobalscoile	Freagra a thabhairt ar gach fiosrúcháin a fhaightear trí bhualadh le páirtithe ábhartha agus tuilleadh faisnéise a thabhairt arna	Freastal ar aon riachtanas aitheanta do Phobalscoileanna Náisiúnta. Scoil Speisialta Little Angels le teacht faoi phátrúnacht ETB Dhún

		Náisiúnta (PN)/ Scoileanna Speisialta Pobail (SSP) a chur chun cinn.	hiarraidh sin. Aistriú Pátrúnachta Scoil Speisialta Little Angels críochnaithe de réir dhoiciméadacht Díchill Chuí ETBI.	na nGall.
Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil Dhún na nGall	Ag cur le ETB Dhún na nGall	Ceannródaíocht a dhéanamh in oideachas seanma ceoil ar fud Dhún na nGall Tacú le forbairt na gceoltóirí óga agus cur le saol cultúrtha an chontae	An líon daoine atá ag freastal ar cheachtanna a choinneáil Clár gnóthach imeachtaí a sheachadadh Oibriú le raon leathan comhpháirtithe	Cláir ama na mac léinn a choinneáil agus a fhorbairt in ionaid Sraith ceolchoirmeacha agus ceardlanna Chomhpháirtíocht Oideachais Ceoil Dhún na nGall (DMEP) eagraithe Príomhchaidrimh coinnithe le scoileanna agus ionaid, eile Deiseanna taibhithe a chur ar fáil do dhaoine óga.

Braisle Oideachais Threasaigh an Iarthuaiscirt	In 2018 d'fhógair Comhpháirtíocht Fáis Straitéisigh an Iarthuaiscirt (CFSI), i gcomhpháirtíocht le hinstitiúidí breisoideachais agus ardoideachais Réigiún Cathrach an Iarthuaiscirt, comhaontú nua in oideachas, oiliúint agus nuálaíocht chun an Bhraisle Oideachais Threasaigh Thrasteorann a bhunú.	Leanúint de bheith ag cur chun cinn obair na braisle le OTA, Coláiste Réigiúnach an Iarthuaiscirt agus Ollscoil Uladh: leanúint de bheith ag nuashonrú an tsuímh ghréasáin, dul chun cinn a dhéanamh ar Réigiún Cathrach Foghlama UNESCO, tionscadail atá maoinithe ag SEUPB, DEPTH, GRASP agus ESTEEM	Gníomhartha an Phlean Oibre bainte amach: Cuireadh tús le cláir PeacePlus. Dul chun cinn déanta ar stádas Réigiún Cathrach Foghlama trí fhormhuiniú 2 chomhairle agus rannpháirtíocht i bhFéile na Foghlama ar Feadh an tSaoil. Aird a dhíriú ar bhacainní trasteorann trí chomhoibriú comhpháirtíochta.	Freastal lomlán ag cruinnithe an ghrúpa stiúrtha agus tuarascálacha seachadta ar aschuir chomhaontaithe Lá Straitéise do BOTI Spriocanna Plean Oibre bainte amach do 2026. Comhdháil bhliantúil ar siúl i Halla an Ghild i nDoire i mí Dheireadh Fómhair 2026. Spriocanna PeacePlus bainte amach. Rannpháirtíocht mhéadaithe in imeachtaí/tionscnaimh foghlama ar feadh an tsaoil ag gach aoisghrúpa.
Drugaí agus Alcól	Sláinte agus folláine a chur chun cinn agus a chosaint Íoslaghdú a dhéanamh ar na dochair a dhéanann úsáid agus mí-úsáid substaintí Tacú le rannpháirtíocht daoine aonair, teaghlaigh agus pobail	Taighde, dearadh agus seachadadh a dhéanamh ar raon cúrsaí forbartha gairmiúla leanúnaí i Réigiún an Iarthuaiscirt chun aghaidh a thabhairt ar an ghá atá le huasoiliúint, athnuachan eolais agus feabhsú scileanna forbartha gairmiúla, riachtanais oideachais agus oiliúna laistigh den fhoireann ghairmiúil túslíne. Cuspóirí oiliúna náisiúnta a chur i bhfeidhm maidir le halcól agus drugaí eile. Gearrchúrsaí a dhearadh agus a sheachadadh atá ar fáil do bhaill den phobal agus dóibh siúd atá ag bisiú chomh maith le gairmithe chun cur le scileanna eolais	Cumarsáid a leathnú trí líonraí / comhpháirtíocht agus páirtithe leasmhara éagsúla Líon na rannpháirtithe ar chúrsaí oiliúna éagsúla Aiseolas foghlaimora	Cúrsaí agus feachtas mhéadaithe maidir le drugaí agus alcól. Aghaidh a thabhairt ar threochtaí atá ag teacht chun cinn agus gairmithe a choinneáil ar an eolas fúthu trí dheiseanna oiliúna

		agus chun eolas a dhéanamh d'athruithe agus cuir chuige i leith na saincheistanna. Dul i dteagmháil leis an tascfhórsa réigiúnach ar thionscadail a oibríonn le grúpaí imeallaithe chun aghaidh a thabhairt ar úsáid alcóil agus drugaí		
--	--	---	--	--

Brící Lochtacha agus Scoileanna atá Buailte	Acmhainní Breise a lorg chun Tacú le Mic Léinn agus Baill Foirne	Leanúint de bheith ag moladh na n-acmhainní breise riachtanacha chun tacú le mic léinn agus baill foirne	Acmhainní breise a fháil	Úsáid acmhainní breise má tá siad faighte
--	--	--	--------------------------	---

9. FORBHREATHNÚ AR SHEIRBHÍSÍ 2026



Tá Comhaontú Maoirseachta agus Comhaontú Seachadta Feidhmíochta sínithe ag ETB Dhún na nGall leis an Roinn Oideachais agus Óige a rialaíonn Riarachán agus oibríochtaí na Scoileanna. Soláthraíonn cúig cinn déag de Scoileanna agus Coláistí Oideachas Dara Leibhéil (is scoileanna Gaeltachta ceithre cinn díobh seo agus is Gaelcholáistí dhá cheann díobh agus tá aon cheann déag díobh seo ainmnithe mar scoileanna DEIS).

Cuireann Seirbhís Breisoideachais agus Oiliúna ETB Dhún na nGall réimse cúrsaí ar fáil ó leibhéal 1-6 ar an Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí ar bhonn lánaimseartha agus páirtaimseartha. Tá 16 lonad tiomnaithe aige atá lonnaithe ar fud an chontae agus soláthar FET ar fáil fosta i ndá iar-bhunscoil. Soláthraíonn ETB Dhún na nGall breisoideachais trí sholáthraithe oideachais pobail agus tá sé freagrach as riaradh Printíseachta i nDún na nGall.

Oibleagáidí agus freagrachtaí maidir le soláthar na gClár Seirbhísí Oibre don Ógra ar fud an Chontae faoin Acht um Obair Ógra tríd an Oifigeach Forbartha Óige.

Cuireann Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil Dhún na nGall (DMEP) teagasc ceoil a chlúdaíonn guthanna agus raon leathan uirlisí ar fáil do dhaltai bunscoile agus dara leibhéal ar fud an chontae. Tá 10 ngrúpa seanma ag an DMEP fosta, lena n-áirítear Ceolfhoireann Óige Dhún na nGall.

Cúrsaí Staidéir Oideachais agus Oiliúna maidir le Drugaí agus Alcóil a sholáthar do Chontaetha Dhún na nGall, Liatroma agus Shligigh trína Chomhordaitheoir atá lonnaithe in Oifigí Riaracháin ETB Dhún na nGall.

Tá cúig Chlár Críochnaithe Scoile faoi choimirce TUSLA, a dtugann ETB Dhún na nGall tacaíocht riaracháin dóibh.

Tá an PF ina comhiontaobhaí ar na 6 phobalscoil sa chontae agus tá ról ranníocach aici in 2 scoil chuimsitheacha.

Oibríonn ETB Dhún na nGall i gcomhpháirtíocht le comhlachtaí éagsúla lena n-áirítear Comhairle Contae Dhún na nGall, Comhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall (DSP), Coiste Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga (CSLDO) agus an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ), OTA, ÚnaG, i bhforbairt straitéisí don Chontae.

10. FÁLTAIS AGUS ÍOCAÍOCHTAÍ RÉAMH-MHEASTA 2026

	An Bhliain dar Críoch 31/12/2026	An Bhliain dar Críoch 31/12/2025	
		*Táirgeacht Shealadach	Nóta 1
	€	€	
FÁLTAIS			
Iar-bhunscoileanna agus Ceannoifig	72,392,156	69,085,855	
Breisoideachas agus Oiliúint	36,338,269	35,361,468	
Seirbhísí don Aos Óg	1,462,705	1,353,297	
Gníomhaireachtaí agus Tionscadail Fhéinmhaoinitheach	5,150,000	5,728,854	
Caipiteal	11,385,028	19,970,321	
IOMLÁN	126,728,158	131,499,795	

ÍOCAÍOCHTAÍ				
Iar-bhunscoileanna agus Ceannoifig	Nóta 2	72,392,156	68,315,949	
Breisoideachas agus Oiliúint		36,338,269	33,735,023	
Seirbhísí don Aos Óg		1,462,705	1,450,953	
Gníomhaireachtaí agus Tionscadail Fhéinmhaoinitheach		5,150,000	5,218,542	
Caipiteal		11,385,028	19,062,133	
IOMLÁN		126,728,158	127,782,600	

Airgead tirim/(Easnamh) don bhliain	0	3,717,195	
-------------------------------------	---	-----------	--

Nóta 1	Ní áirítear sa Táirgeacht Shealadach 2025 na hlarmhéideanna Tosaigh Airgid c/a go dtí 2025 agus d'fhéadfadh sé a bheith faoi réir athraithe i ndiaidh chríochnú na hOibre Iniúchta Allamuigh a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus thar ceann Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste mar chuid den Iniúchadh Bliantúil ar na Ráitis Airgeadais Bhliantúla (RAB).
Nóta 2	Áirítear leis an Teorainn Chaiteachais Neamhphá Faofa 2026 de €3,208,147 in aghaidh na Litreach Cinnidh

Plean Seirbhíse 2026					
		Plean Seirbhíse 2026		Plean Seirbhíse 2025	
		Táirgeacht Thuartha		Táirgeacht Shealadach	
Clár		€		€	

				NÓTA
Scoileanna agus Ceannoifig				
Pá	65,672,054		62,276,006	
Neamhphá Eile	3,208,147		2,644,957	
Cláir Ghaolmhara agus Spriocdhírith	3,511,955		3,394,986	
Fo-iomlán	72,392,156		68,315,949	1
Breisoideachas agus Oiliúint (FET)				
Breisoideachas				
VTOS	1,870,124		1,979,571	
Cumasóige	3,357,952		3,267,670	
Litearthacht Aosach/Litearthacht Teaghlaigh DEIS/ITABE	1,235,000		1,220,300	
BCTE	494,768		1,036,755	
Oideachas Pobail /SPIDAS	427,816		383,615	
Scileanna don Obair	163,048		160,673	
Filleadh ar an Oideachas	1,244,001		1,356,449	

Treoir d'Aosaigh	340,221		301,221
------------------	---------	--	---------

Clár Iar-Ardteistiméireachta	951,807		816,314	
Áitribh FET - Deisiúcháin agus Cothabháil	260,000		207,084	
Sláinte agus Sábháilteacht FET	155,000		149,456	
AR	198,027		192,592	
Cur Chun Cinn/Fógraíocht FET	150,000		110,022	
Tacaíochtaí Foghlaimora Comhcheangailte	180,000		183,485	
Guthán	155,000		159,012	
Costais Fhoireann FET agus Costais Oibriúcháin	7,863,724		5,241,480	
Maoiniú REACH	219,000		146,907	
Costais Cháilíochta	186,008		181,603	
Oideachas agus Oiliúint Allamuigh	327,341		310,121	
Eile-6 chlár	375,257		347,848	
Fo-iomlán	20,154,094		17,752,178	2

Oiliúint				
Soláthraithe Sainoiliúna (STP)	1,063,467		1,035,041	
Oiliúint Scileanna - Soláthar Díreach agus Soláthar ar Conradh	2,127,094		2,566,406	
Cúrsaí Oiliúna - Soláthar Díreach agus Soláthar ar Conradh	1,874,664		2,278,320	
Printíseachtaí	10,064,572		9,099,650	
Scileanna le Dul Chun Cinn Bealach 3 Díreach agus ar Conradh	490,618		504,778	
Cúrsaí Oíche	393,926		415,029	
Eile - 3 chlár	169,834		83,621	
Fo-iomlán	16,184,175		15,982,845	2
Seirbhísí le haghaidh Obair Ógra	1,462,705		1,450,953	3

Gníomhaireachtaí/Tionscadail Fhéinmhaoinitheacha	5,150,000	5,218,542	4
Caipiteal	11,385,028	19,062,133	5
Iomlán	126,728,158	127,782,600	

*Áiríonn litearthacht Litearthacht Aosach/Litearthacht Teaghlaigh DEIS/ITABE

Nótaí

1) Scoileanna agus Ceannoifig:

Maoinithe ag an Roinn Oideachais agus Óige agus Foinsí Eile Clúdaíonn sé sin Costais Reáchtála maidir leis na nithe seo a leanas:

- 15 Iar-bhunscoil/Coláiste lena n-áirítear dhá Scoil Oileáin ar Árainn Mhór agus Toraigh.

Clárúcháin Iomlán 2025/2026: 6,179

- Oifigí Riaracháin ETB
- Bord Seirbhíse ETB Dhún na nGall agus Coistí éagsúla
- Ranganna Oíche Féinmhaoinithe i Scoileanna/Coláistí ETB

2) Breisoideachas agus Oiliúint (FET):

Maoinithe ag RBATNE trí SOLAS

Tá meastachán ardleibhéil tosaigh tugtha ag SOLAS d'ETB Dhún na nGall ar an mhaoiniú atá ar fáil i leith soláthar FET do 2026. I bhfianaise an chur chuige seo, tá na figiúirí atá san áireamh sa Phlean Seirbhíse measta bunaithe ar Mhaoiniú Táscach 2026. Níl an maoiniú do 2026 deimhnithe ag SOLAS go fóill agus ní raibh i ngach cumarsáid go dtí seo ach táscach.

3) Seirbhísí le haghaidh Obair Ógra:

Maoinithe ag an Roinn Oideachais agus Óige.

Clúdaíonn sé an méid seo a leanas:

- Feidhm an Oifigigh don Ógra
- UBU - D'Áit Do Spás (Éagsúil)
- Seirbhísí Eolais don Ógra arna seachadadh ag Seirbhísí don Ógra Dhún na nGall (SÓDG)
- Scéim Deontas do Chlubanna Óige Áitiúla
- Scéim Caipitil don Ógra do Thionscadail ar leith
- Tionscnamh Spriocdhírthe um Thacaíocht Infhostaitheachta don Ógra (TSTIÓ) arna sheachadadh ag Foróige

4) Gníomhaireachtaí/Tionscadail Fhéinmhaoinitheacha:

Gníomhaireachtaí: Obair a rinneadh ar chostas do Ghníomhaireachtaí agus Ranna Rialtais.

Féinmhaoiniú: Gníomhaíochtaí agus Buiséid a mhaoinítear trí ioncam a ghintear go háitiúil agus a reáchtáiltear

Ar bhonn féinmhaoinitheach.

Tá mionsonraí na nGníomhaireachtaí/na dTionscadail Féinmhaoinithe go léir mionsonraithe sna Dréacht-Ráitis Airgeadais Bhliantúla.

5) Caipiteal:

Maoinithe ag an Roinn Oideachais agus Óige

An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (RBATNE) agus Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais eile.

Clúdaíonn sé Tionscadail Chaipitil atá faofa go sonrach, lena n-áirítear tionscadail nua agus:

Cóiríocht Scoile Breise (CSB),

Scéimeanna Oibreacha Samhraidh (SOS),

Scéimeanna Oibreacha Éigeandála (SOE),

Troscán agus Trealamh Scaoilte (T agus TS) agus TFC.

11. Aguisín 1

Soláthar Seirbhíse Breisoideachais agus Oiliúna 2026 d’ETB Dhún na nGall

Forbhreathnú ar Bhreisoideachas agus Oiliúint (FET)

Cuireann Seirbhís Breisoideachais agus Oiliúna ETB Dhún na nGall réimse cúrsaí ar fáil ó leibhéal 1-6 ar an Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí ar bhonn lánaímseartha agus páirtaimseartha. Soláthraíonn ETB Dhún na nGall breisoideachais trí sholáthraithe oideachais pobail agus tá sé freagrach as riaradh Printíseachta i nDún na nGall.

Is féidir achoimre a dhéanamh ar an tsoláthar mar seo a leanas:

- Cúrsaí lánaímseartha
- Cúrsaí páirtaimseartha
- Cúrsaí Oíche
- Cumasóige
- Seirbhís Litearthachta d’Aosaigh
- Oideachas Pobail
- Soláthar sainoiliúna
- Seirbhísí do Ghnólachtaí
- Printíseacht

Cuireann ETB Dhún na nGall breisoideachais agus oiliúna ar fáil ar fud an chontae do bhreis is 10,000 tairbhí in aghaidh na bliana. Mar aon le soláthar FET atá ar fáil i ndá iar-bhunscoil, tá lonaid FET ag ETB Dhún na nGall sna háiteanna seo a leanas:

- Leitir Ceanainn (4)
- Baile Dhún na nGall (2)
- Bun Cranncha (2)
- Gaoth Dobhair
- Gort an Choirce
- Baile na nGallóglach
- Srath an Urláir
- Leifear
- Gleann Gad
- Béal Átha Seanaidh
- Mín an Lábáin

Cuirtear soláthar ar fáil i roinnt mhaith bailte agus sráidbhailte eile ar bhonn riachtanais in áitreabh ar léas fosta.

Tosaíochtaí FET in 2026

Eolas agus Scileanna atá Réidh don Todhchaí

Neartóidh Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall soláthar conairí foghlama atá ailínithe leis an tionscal a réamh-mheasann riachtanais scileanna atá ag teacht chun cinn ar fud an réigiúin. Áirítear leis seo cláir dhigiteacha agus glasa a leathnú, comhoibriú le fostóirí a dhoimhniú, agus samhlacha foghlama solúbtha a fheabhsú, amhail roghanna cumaiscthe, modúlacha, agus micridhintiúir, chun a chinntiú gur féidir le foghlaimoirí scileanna a fheabhsú i gcónaí do mhargadh saothair atá ag athrú go gasta.

Cuimsiú le haghaidh Rathúnas agus Comhtháthaithe

Is príomhthosaíocht d'ETB Dhún na nGall fós rannpháirtíocht a leathnú trí bhacainní ar fhoghlaím a bhaint agus rochtain chothrom a chinntiú do gach pobal. Mar sin féin, tá sé go fóill dúshlánach sa timthriall maoinithe reatha tógáil ar an obair atá críochnaithe cheana féin i dtimthacaíochtaí. Is príomhthosaíocht don Straitéis seo feiceáil cén dóigh a dtig leis an mhaoiniú an foghlaimoir a leanúint seachas buiséid bheaga imfhálaithe a eisiúint d'ETBanna.

Cáilíocht le Nuálaíocht

Cé go bhfuil feabhsuithe móra déanta ag ETB Dhún na nGall maidir le sonraí a úsáid chun léargais cháilíochta a chur ar fáil, d'fhéadfadh sé a bheith níos fearr. Is príomhthosaíocht do 2026 athbhreithniú a dhéanamh ar na Struchtúir Rialachais agus Bainistíochta Dearbhaithe Cáilíochta i FET. Mar aon leis an athbhreithniú seo, déanfar scrúdú ar na sonraí atá ar fáil chun féinmheastóireacht, monatóireacht agus athbhreithniú a threorú, agus cuirfear plan i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil léargais thábhachtacha sonraí ar fáil agus inchaingne.

Comhoibriú le haghaidh Tionchair

Leanfaidh ETB Dhún na nGall ag obair i gcomhpháirtíocht le fostóirí, eagraíochtaí pobail agus comhpháirtithe treasacha chun an tionchar réigiúnach a uasmhéadú. Soláthraíonn an maoiniú SEUPB, a bronnadh le déanaí, deis uathúil chun comhoibriú le comhpháirtithe treasacha chun cláir nua a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí scileanna sa gheilleagar áitiúil. Is iad scileanna digiteacha agus glasa príomhfhócas an chomhoibrithe seo.

Achoimre

Beidh sé dúshlánach an dul chun cinn atá de dhíth a dhéanamh sna réimsí téamacha seo mar go bhfuil an maoiniú tascach do 2026 do Chroí-Scileanna, Cosáin agus Forbairt Scileanna an Lucht Oibre le chéile níos lú ná an maoiniú a fuarthas in 2025 mar a thaispeántar sa tábla thíos. Beidh athbhreithniú ar na réimsí soláthair uilig de dhíth sa chéad ráithe den bhliain chun leithdháiltí buiséid a athailíniú agus a chothromú i gcomhréir leis an léiriú ar an mhaoiniú a fuarthas.

Leithdháileadh Maoinithe do 2026

Faigheann ETB Dhún na nGall maoiniú ón Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta trí SOLAS chun Seirbhísí FET a chur ar fáil go bliantúil.

Leithdháileadh d'ETB Dhún na nGall	Leithdháileadh Deiridh 2025	Leithdháileadh 2026			
		Pá	Neamhphá	Liúntais	Iomlán
Bunmhaoiniú d'ETB Straitéiseach agus Éifeachtach	7,693,441	4,411,128	3,384,536		7,795,664
Forbairt agus Claochlú Scileanna an Fhórsa Saothair	6,153,209	1,597,452	3,173,969	1,317,817	6,089,238
Conairí FET	11,229,220	6,691,719	2,066,184	1,719,051	10,476,954
Printíseacht	10,032,190	1,738,944	1,151,456	8,867,013	11,757,413
Infheistíocht Straitéiseach	219,000	-	219,000		219,000
Leithdháileadh Foriomlán	35,326,860	14,439,243	9,995,145	11,903,881	36,338,269

Tábla 1: Leithdháileadh Maoinithe d'ETB Dhún na nGall

In 2026, úsáidfídh ETB Dhún na nGall an maoiniú seo chun na nithe seo a leanas a sheachadadh:

Bunmhaoiniú d'ETB Straitéiseach agus Éifeachtach

Tacaíocht agus Treoir d'Fhoghlaimoirí:

Déanfaidh ETB Dhún na nGall a dhícheall na leibhéil reatha treorach agus tacaíochta d'fhoghlaimoirí a choinneáil in 2026. Beidh sé seo dúshlánach mar go bhféadfadh sé nach mbeadh an Croímhaoiniú atá beartaithe leordhóthanach chun an méid sin a cheadú.

Maoín agus Foirgnimh:

Taobh amuigh den mhaoiniú atá geallta cheana féin do bhrandáil ionaid FET, agus aghaidh á thabhairt ar choincheap Choláiste FET na Todhchaí, tabharfar tús áite do chaiteachas athchóirithe ar oibreacha riachtanacha seachas ar infheistíocht straitéiseach. Táthar ag súil go gcúiteofar seo go pointe áirithe trí úsáid straitéiseach a bhaint as buiséid Caipitil Chineachta agus Caipitil Chineachta Glas.

Cáilíocht/Deimhniú:

Beidh laghdú ar líon na bhfoghlaimoirí a bhainfidh teastas amach in 2026 mar gheall ar an laghdú ar mhaoiniú don Chonair Forbartha Scileanna agus Fórsa Saothair.

Tacaíochtaí Lárnacha Eile:

Coinneofar tacaíochtaí lárnacha eile a mhéid is féidir mar gheall ar an mhaoiniú atá faighte. Tabharfar tús áite d'fhoghlaim agus d'fhorbairt ghairmiúil chun freastal ar riachtanais scileanna atá ag teacht chun cinn agus ar an mhéadú a bhfuiltear ag súil leis ar an éileamh ar mhodhanna seachadta níos solúbtha agus níos measctha. Tabharfar tús áite fosta don leithdháileadh bliantúil a bhaineann le cur chun cinn an Bhreisoideachais agus na hOiliúna agus athbhrandáil na Seirbhíse Breisoideachais agus Oiliúna á seachadadh i nDún na nGall.

Maoiniú d'Fhoráil FET le haghaidh Forbairt agus Claoclú Scileanna an Lucht Oibre

Foghlaim le haghaidh Dul Chun Cinn san Fhostaíocht:

Laghdófar soláthar Forbartha Scileanna an Lucht Oibre in 2026 mar gheall ar an laghdú maoinithe. Tabharfar tús áite don tsoláthar ar bhonn riachtanais scileanna áitiúla agus réigiúnacha agus scrúdú á dhéanamh ar thionchar an laghdaithe níos mó ar mhaoiniú na gConairí. Meastar go mbeidh an laghdú a bhfuiltear ag súil leis i gcúrsaí agus i líon na mac léinn thart ar 5%.

Foghlaim san Fhostaíocht:

Arís, laghdófar an tsoláthar in 2026 mar gheall ar mhaoiniú. Meastar go mbeidh an laghdú a bhfuiltear ag súil leis i gcúrsaí agus i líon na mac léinn thart ar 10-13%. Mar sin féin, déanfar é seo a fhritháireamh go pointe áirithe trí chúrsaí nua scileanna digiteacha agus glasa a thabhairt isteach faoi mhaoiniú SEUPB, rud a fhágann go mbeidh laghdú réamh-mheasta de thart ar 5% mar thoradh air i gcomhréir le Foghlaim le haghaidh Dul Chun Cinn Fostaíochta.

Maoiniú do Chonairí FET

Conairí:

Laghdófar soláthar na gConairí in 2026 mar gheall ar an laghdú suntasach ar mhaoiniú mar atá leagtha amach i dTábla 1. Cé go dtugann an litir mhaoinithe le fios go bhfuil maoiniú BCTE imfhálaithe, tá leibhéal arda éilimh go fóill ar sholáthar BCTE sa chontae. Dá bhrí sin, feicfidh réimsí eile de sholáthar conairí laghdú cúitimh ar chúrsaí agus ar líon na mac léinn mar gheall ar an easnamh maoinithe.

Soláthar Óige:

Coinneofar soláthar don aos óg ag leibhéal chomhchosúla le 2025.

Oideachas Pobail:

Coinneofar Oideachas Pobail ag leibhéal 2025 trí dheontais eile agus maoiniú REACH.

Litearthacht Aosach ar feadh an tSaoil:

Laghdófar soláthar Litearthachta do Dhaoine Fásta ar Feadh an tSaoil in 2026 cé go mbeidh an maoiniú a leithdháileadh beagán níos mó ná 2025 chun cúiteamh a dhéanamh as costas Chomhshó na nOideoirí Fásta. Tá gealltanais déanta ag SOLAS agus RBATNE chun costas na riaráistí a bhaineann leis an phróiseas comhshó a chlúdach, ach níl aon mhaoiniú breise ar fáil chun an méadú iarbhir ar chostais bhliantúla a chlúdach.

Beidh an laghdú is mó ar sholáthar BCTE le feiceáil in 2026 agus laghdú breise in 2027. Leanfaidh ranganna a thosaigh in 2025 ar aghaidh go dtí Meitheamh 2026. Beidh laghdú os cionn 50% ar sholáthar BCTE ó Mheán Fómhair 2026 mar gheall ar an easnamh maoinithe de réir Thábla 1 agus an litir maidir le maoiniú a fuarthas ó SOLAS i mí na Nollag 2025. Mar thoradh air sin, leanfaidh an laghdú seo ar sholáthar ar aghaidh isteach in 2027.

Maoiniú Printíseachta

Printíseacht Cheirde:

De réir an tábla thuas, tá méadú €1.7 milliún tagtha ar mhaoiniú Printíseachta do 2026. Tá an méadú seo mar gheall ar an mhéadú a bhaineann le costas an tseachadta, méadú ar chostais liúntais agus an leathnú leanúnach ar sheachadadh oiliúna Céim 4 agus 6 in OTA Dhún na nGall. Tairbhíthe Printíseachta a bhfuiltear ag súil leo in 2026:

Céim 2: 394 tairbhí

Céim 4: 524 tairbhí

Céim 6: 189 tairbhí

Tá ETB Dhún na nGall ag leathnú Céim 2 de sholáthar Printíseachta in Oibriú Miotail i Leitir Ceanainn in áitreabh ar léas áit a mbeidh OTA Dhún na nGall ag soláthar oiliúna Céim 4 agus 6 fosta. Ós rud é go raibh moill ann maidir le ceadú foirne agus rochtain ar an áitreabh, meastar go mbeidh sé i ráithe dheireanach 2026 sula mbeidh an tsaoráid agus na hacmhainní i bhfeidhm agus ag feidhmiú chun oiliúint Céim 2 a thosú.

Maoiniú Infheistíochta Straitéisí

Reach:

Bronnadh maoiniú faoi REACH ar 57 tionscadal pobail in 2025. Ba iad na catagóirí a tugadh tús áite dóibh ná: conairí chuig scileanna riachtanacha, rannpháirtíocht a leathnú, an aeráid agus inbhuanaitheacht. Bhí tionchar díreach/indíreach ar bhreis is 300 tairbhí mar thoradh ar an mhaoiniú seo a bheith leithdháilte ar an phobal. Táthar ag súil go mbainfidh an líon céanna grúpaí agus tairbhíthe leas as maoiniú REACH in 2026 agus go dtabharfar tús áite do na catagóirí céanna.

Sínithe: (Sínitheoir Ainmnithe)

Ciaran O'Brien

Dáta:

12 Feabhra 2026